

Bileog fíricí maidir le hardán tuairiscithe aonair (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)

Conas teagmhais agus leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach a thuairisciú tríd an ardán tuairiscithe aonair

■ Cad é?

Amhail ón 11 Meán Fómhair 2026, leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, ceanglaítear ar mhonaróirí tuairisciú a dhéanamh ar leochaileachtaí agus ar theagmhais thromchúiseacha a mbaintear leas gníomhach astu agus a mbíonn tionchar acu ar shlándáil táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu a dhíoltar i margadh an Aontais.

Éilítear leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht freisin ar mhaoir bogearraí foinse oscailte na heachtraí sin a thuairisciú a mhéid a bhíonn baint acu le forbairt táirgí a bhfuil gnéithe digiteacha ag gabháil leo.

■ Cé dó?



Monaróirí



Maoir bogearraí
foinse oscailte

■ Cad iad na hoibleagáidí tuairiscithe nua atá ort?

Is uirlis ar líne é ardán tuairiscithe aonair an Ghníomh um Chibear-Athléimneacht do mhonaróirí agus do mhaoir bogearraí foinse oscailte chun an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach agus teagmhais thromchúiseacha a thuairisciú. Agus é ceaptha chun oibleagáidí tuairiscithe an Aontais a shimpliú, is córas leictreonach é ardán tuairiscithe aonair an Ghníomh um Chibear-Athléimneacht ar ar féidir tuairisciú uair amháin d'fhonn cumarsáid a dhéanamh leis

na húdaráis ábhartha uile. Ionchorpraítear ar an ardán bearta slándála chun rúndacht a chosaint.

Le gach fógra, is féidir faisnéis a sheoladh go huathoibríoch chuig d'Fhoireann Freagartha do Theagmhais a bhaineann le Slándáil Ríomhairí (CSIRT) náisiúnta a fhaigheann an fógra ar dtús, chuig na CSIRTanna náisiúnta eile ina bhfuil an táirge le gnéithe digiteacha ar fáil, agus chuig Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA).

■ Conas a fháil amach cén CSIRT náisiúnta ar cheart duit tuairisciú dó?

Go ginearálta, is é do phríomhshuíomh bunaíochta a chinneann an CSIRT náisiúnta ar cheart duit tuairisciú dó tríd an ardán tuairiscithe aonair go príomha. Tá faisnéis mhionsonraithe ar fáil in Airteagal 14(7) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht lena ligtear duit an CSIRT náisiúnta ar cheart tuairisciú dó a aithint.

■ Cad iad na teagmhais a bhfuil sé d'oibleagáid ort iad a thuairisciú?

- **Leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach:** Leochaileachtaí i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha arb eol go bhfuil gníomhaí mailíseach ag teacht i dtír orthu faoi láthair, i gcomhréir le hAirteagal 3(42) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht.
- **Teagmhais thromchúiseacha:** Teagmhais a mbíonn tionchar tromchúiseach acu ar shlándáil an táirge le heilimintí digiteacha (e.g. infhaighteacht, barántúlacht, sláine nó rúndacht a chur i mbaol) i gcomhréir le hAirteagal 3(44); sainmhínítear na critéir maidir le déine in Airteagal 14(5).

■ Cathain is gá duit na teagmhais sin a thuairisciú?

Tosaíonn an próiseas tuairiscithe an tráth a thagann tú ar an eolas, mar mhonaróir nó mar mhaor bogearraí foinse oscailte, faoi shaothrú gníomhach leochaileachta nó teagmhais thromchúisigh. Cloí leis na hamlínte seo a leanas:

Luathrabhadh (a)



- Laistigh de **24 uair an chloig** tar éis teacht ar an eolas faoin leochaileacht nó faoin teagmhas.

Fógra maidir le leochaileacht a shaothraítear go gníomhach/teagmhas tromchúiseach



- Laistigh de **72 uair an chloig** tar éis teacht ar an eolas, faisnéis ghinearálta a fháil, agus measúnú tosaigh a sholáthar.

Tuairiscíocht chríochnaitheach



- I gcás leochaileachtaí: Ní níos déanaí ná **14 lá** tar éis do bheart ceartaitheach (e.g. paiste) a bheith ceaptha.
- I gcás teagmhais tromchúiseach: Laistigh de **1 mhí amháin** tar éis an fógra 72 uair an chloig maidir le leochaileacht a shaothraítear go gníomhach/teagmhas tromchúiseach a chur isteach

■ Cad a tharlaíonn nuair a chuirtear fógraí isteach?

A luaithe a chuirtear fógraí isteach, déanfaidh an CSIRT a fhaigheann an fógra ar dtús an fhaisnéis a scaipeadh gan mhoill ar CSIRTanna ábhartha eile i mBallstáit den Aontas ina bhfuil an táirge ar fáil freisin. Cuirtear an fógra ar fáil go comhuaineach do ENISA.

Roinnfidh CSIRTanna náisiúnta roinnt faisnéise lena n-údaráis um fhaireachas margaidh faoi seach freisin chun é a chur ar a gcumas dóibh a n-oibleagáidí forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh.

■ An féidir moill a chur ar scaipeadh faisnéise?

Is féidir, in imthosca eisceachtúla, moill a chur ar scaipeadh faisnéise, de bhun Airteagal 16(2) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/881 ón gCoimisiún, sonraítear a thuilleadh na coinníollacha faoina bhféadfar moill a chur ar scaipeadh fógraí.

■ Conas a d'úsáidfeá an t-ardán?



1 Logáil isteach



2 Roghnaigh an CSIRT náisiúnta



3 Cuir isteach an fhaisnéis ina hiomláine

■ Sreabhadh tuairiscithe simplí

